

**Ráiltis Airgeadais Rialúcháin Achoimre BSL
31 Nollaig 2008**



GRÚPA BSL - Cuntais Rialúcháin Achoimre
Clár
Nollaig 2008

Cuid 1 - Ráitis agus Tuarascálacha

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltai an Bhoird

1

Tuarascail na nIníochóirí Neamhspleácha

2

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta Achoimre

3

Cuid 2 - Cuntais Rialúcháin Achoimre

Ráiteas Ioncaim Rialúcháin Achoimre

15

Clár Comhardaithe Rialúcháin Achoimre

16

Ráiteas Rialúcháin Achoimre ar Ioncam agus Costais Aitheanta

18

Sreabhadh Airgid Rialúcháin Achoimre

19

Nótaí leis na Cuntais Rialúcháin Achoimre

20

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Maidir leis na Cuntais Rialúcháin Achoimre don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2008

Tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as cuntais ar leith a ullmhú do gach gnó faoi seach agus réimse gnímh de chuid an Bhoird mar a leagtar amach i Rialachán 27(2) agus Rialachán 27(3) d'Ionstraim Reachtúil 445 den bhliain 2000. Éilítear ar Chomhaltaí an Bhoird faoi na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go dtí 2004 Ráitis Airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais de réir na nAchtanna sin.

Measann Comhaltaí an Bhoird go raibh polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha in úsáid agus na cuntais rialúcháin achoimre ar leathanaigh 3 go 32 á n-ullmhú agus gur cuireadh i bhfeidhm go seasta iad agus go ndearnadh breithiúnais agus meastacháin réasúnacha stuama. Measann Comhaltaí an Bhoird chomh maith gur leanadh gach caighdeán cuntasáíochta infheidhmithe agus gur ullmhaíodh na cuntais rialúcháin achoimre ar bhonn ghnóthais leantaigh

Tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád i leith gach cinn de na gnóthais éagsúla agus maidir le gach beart is féidir go réasúnach a dhéanamh d'fhonn sócmhainní na ngnóthas éagsúil a chaomhnú agus d'fhonn calaois nó mírialtacht eile a sheachaint agus a thabhairt chun suntais.

Thar ceann an Bhoird

Cathaoirleach

Dáta 22 Aibreán 2009

Príomhfheidhmeannach

Dáta 22 Aibreán 2009



Cuntasóirí Cairte
1 Plas an Stócaigh
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

Éire

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha chuig Comhaltaí Bhoird Bhord Soláthair an Leictreachais agus chuig an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh

Tá scrúdú déanta againn ar na cuntais rialúcháin achoimre, atá leagtha amach ar leathanaigh 3 go 32 a ullmhaíodh de réir na bpolasaithe cuntasaoíochta atá leagtha amach ar leathanaigh 3 go 32. Tá na cuntais rialúcháin achoimre tógtha as na cuntais rialúcháin iomlána don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 a d'ullmhaigh Bord Soláthair an Leictreachais le cur faoi bhráid an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh mar a éilítear le Rialachán 27 d'Ionstraim Reachtuil Uimh. 445 den bhliain 2000.

Déantar an tuarascáil seo le comhaltaí Bhord Soláthair an Leictreachais agus an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh amháin. Sa mhéid is mó a cheadaítear de réir an dlí, ní ghlacaimid freagracht le héinne seachas comhaltaí Bhord Soláthair an Leictreachais agus an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí a d'fhoirmíomar.

Freagrachtaí chomhaltaí an bhoird agus iniúcháirí faoi seach

Mar a chuirtear síos air ar leathanach 1, tá comhaltaí an bhoird freagrach as na cuntais rialúcháin achoimre a ullmhú. Tá sé mar fhreagracht orainne ár dtuairim a chur in iúl an bhfuil na cuntais rialúcháin achoimre ullmhaithe i gceart ó na cuntais rialúcháin iomlána agus an dtagann siad leis na cuntais sin.

Bunús na tuairime

D'eisíomar tuarascáil iniúchta neamhcháilithe maidir leis na cuntais rialúcháin iomlána a gcuirtear síos orthu thuas ar an 22 Aibreán 2009.

Bhí an scrúdú a rinneamar ar na cuntais rialúcháin achoimre comhdhéanta de nósanna imeachta ar cheapamar a raibh gá leo lena mheas an raibh an t-eolas iomlán a bhí riachtanach sna cuntais lena chinntiú go raibh siad comhsheasmhach leis na cuntais rialúcháin iomlána agus an raibh an mioneolas tógtha i gceart ó na cuntais rialúcháin iomlána agus san áireamh sna cuntais rialúcháin achoimre.

Tuairim

Is é ár dtuairim go dtagann na cuntais rialúcháin achoimre atá leagtha amach ar leathanaigh 3 go 32 leis na cuntais rialúcháin iomlána mar atá tuairiscithe thuas agus tógtha go ceart astu.

Cuntasóirí Cairte
Iniúcháirí Cláraithe
Baile Átha Cliath

22 Aibreán 2009

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta Rialúcháin Achoimre

Cúlra

Cuntais Rialúcháin Iomlána

Foráiltear in Ailt 13 agus 14 de Threoir 96/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 1996 do dhíchuachadh agus d'fhollasacht na gcuntas ag gnóthais leictreachais agus gnóthais leictreachais chomhtháite. Déantar trasuíomh air sin go dlí na hÉireann le hIonstraim Reachtuil Uimh. 445 den bhliain 2000, agus chun críche an Rialacháin, ainmnítear an Coimisiún um Rialachán Fuinnimh (“CER” nó “rialaitheoir”) mar údarás inniúil a bhfuil de cheart aige a éileamh go n-ullmhófaí cuntais in aon fhoirm is gá chun go mbeadh ar a chumas a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh, agus go mbeadh fáil aige ar na cuntais sin.

Éilítear faoi Rialachán 27 d'Ionstraim Reachtuil Uimh. 445 den bhliain 2000 go gcoimeádann gnóthais leictreachais cuntais de réir formáid reachtuil. Chomh maith leis sin, éilítear faoi Rialachán 27 go gcoimeádann gnóthais leictreachais chomhtháite cuntais ar leithligh do ghníomhaíochtaí giniúna, tarchuir, dáilte agus soláthair agus nuair is cuí cuntais chomhdhlúite do ghníomhaíochtaí eile neamhleictreachais mar a dhéanfaí dá mbeadh na gníomhaíochtaí á reáchtáil ag cuideachtaí ar leithligh. Éilítear freisin faoi Rialachán 27 ar BSL cuntais ar leithligh a choimeád do gach gnó a cheadúnaítear faoi seach faoi alt 14(1) den Acht um Rialáil Leictreachais 1999.

Faoi Alt 14 (1) de Acht na bliana 1999, (arna leasú ag I.R. 445), d'eisigh an CER Ceadúnas Úinéir Chóras Tarchuir agus Ceadúnas Oibritheoir Chóras Dáilte do BSL.

Tá forálacha sonracha sna ceadúnais sin a éilíonn ar BSL cuntais faoi seach a choimeád maidir leis na gnóthais Ghiniúint Cumhachta, Tarchuir, Dáilte agus Soláthair Custaiméirí chomh maith leis an ngéag soláthair neamhspleách ceadúnaithe, Fuinneamh Neamhspleách BSL Teoranta (ESBIE) don bhliain airgeadais 2008.

Tá an chaoi inar gá do gach Ceadúnaí nó gnólacht rialáilte a chuid cuntas a ullmhú chun críche cuntas rialúcháin sonraithe ag an CER sna Treoirlínte maidir le Cuntasaíocht Rialúcháin (“RAGanna”), a d'eisigh an CER ar 26 Meitheamh 2002 agus a tugadh cothrom le dáta i mí Márta na bliana 2006. Sonraítear iontu sin an fhormáid, an t-ábhar agus, sa chás go measann an CER gur cuí, polasaithe cuntasaíochta sonracha atá le leanúint ag an gCeadúnaí nó ag an ngnólacht rialáilte d'fhonn teacht leis na riachtanais fúthu seo a leanas:

- Coinníoll 19 den Cheadúnas Oibritheoir Chóras Dáilte;
- Coinníoll 14 den Cheadúnas Úinéir Chóras Tarchuir;
- Rialachán 27 de I.R. 445 den bhliain 2000.

Taobh amuigh de na polasaithe sonracha cuntasaíochta a leagtar amach sna Rialacháin, ullmhaítear na cuntais ar bhonn Chaighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais Idirnáisiúnta arna nglacadh ag an AE agus ag na hAchtanna Leictreachais (Soláthar), 1927 go 2004, ag tabhairt polasaithe cuntasaíochta arna nglacadh ag BSL ina chuid ráitis airgeadais reachtúla san áireamh.

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta Rialúcháin Achoimre

Cuntais Rialúcháin Achoimre

Féadfar, de rogha an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh, sleachta as na cuntais rialúcháin iomlána a gcuirtear síos thuas orthu a fhoilsiú. Is leagan achomair de na cuntais rialúcháin iomlána iad na cuntais ar leathanaigh 15 go 32. Baineadh an fhaisnéis atá sna cuntais seo as na cuntais rialúcháin iomlána agus tagann sí go hiomlán leo.

Is iad seo a leanas na príomhdhifriochtaí idir na cuntais rialúcháin iomlána agus na cuntais seo:

- Níl torthaí d’fho-chuideachtaí, do chomhfhiontair agus do chomhlaigh nach bhfuil faoi réir ag ceanglais na Rialachán agus coinníollacha na gceadúnas a leagtar amach thuas san áireamh;
- Níl réiteach idir torthaí na ngnóthas rialáilte mar a leagtar amach sna cuntais rialúcháin achoimre agus ráitis airgeadais chomhdhlúite an ghrúpa san áireamh;
- Cuirtear cánachas grúpa de mhuirear agus déantar é a bhainistiú go lárnach ag leibhéal an ghrúpa. Taobh amuigh de chás ESBIE, ní nochtar muirir agus creidiúintí cánachais, soláthair cánach iarchurtha agus suimeanna fabhráithe chláir chomhardaithe a bhaineann le cánachas sna cuntais rialúcháin achoimre;
- CCI 19 “Sochair d’fhostaithe”, Éilítear go léireofaí an t-easnamh a bhíonn sa scéim phinsin sochair shainmhínithe, arna ríomh ag na hachtúirí de réir an chaighdeáin i ráiteas ioncaim agus i gclár comhardaithe BSL. Déantar an scéim phinsin a bhainistiú go lárnach agus dá bhrí sin níl an t-easnamh leithdháilte chuig cuntais rialúcháin na n-aonad gnó;
- Tá feidhm chistíochta lárnach ag BSL chun airgead tirim agus iasachtaí an ghrúpa a bhainistiú agus a rialú ar bhonn an ghrúpa ar fad. Tá iarmhéideanna airgid agus iasachtaí ar leithligh ag ESBIE ós comhlacht dlíthiúil ar leithligh é. Léirítear iad sin i gclár comhardaithe ghnó an ESBIE.

Ní dhéanann na haonaid ghnó Giniúint Chumhachta, Dáileadh ná PES cuntais airgid ná iasachtaí ar leithligh a bhainistiú ná a rialú. Déanann Cistíocht an Ghrúpa BSL airgead agus fiachas a bhainistiú agus úsáidtear na polasaithe airgeadais cuí chun nochtuithe Ghrúpa BSL a bhainistiú go gníomhach mar iomlán seachas ar bhonn na ngnóthas aonair. Dá bhrí sin ní léirítear na hiarmhéideanna seo i gcuntais Ghiniúint Chumhachta, Dáileadh agus PES.

- Ní dhéantar airgead tirim, iasachtaí ná ús a leithdháileadh do na haonaid gnó aonair, ach amháin sna cásanna seo a leanas:
 - Ús a thuilleann nó a thabhaíonn ESBIE ar a chuid cuntais bhainc féin agus ar a chuid iasachtaí;
 - Ús caipitilíthe ar shócmhainní seasta inláimhsithe: Tá de pholasaí cuntasaíochta ag BSL sciar cuí den ús ar iasachtaí a chaipitliú chun soláthar shócmhainní seasta inláimhsithe a airgeadú de réir CTA 15 “Sócmhainní seasta inláimhsithe”. Leithdháileann BSL sciar den chostas foriomlán úis i máthairchuideachta BSL i measc na ngnóthas éagsúil chun críche na caipitilíthe sin ag baint leasa as na rialacha ríomhaireachtúla a leagtar amach i CTA 15 d’ús a chaipitliú as comhchiste ginearálta iasachtaí go dtí sócmhainní seasta inláimhsithe sonracha.

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta Rialúcháin Achoimre

Príomhpholasaithe Cuntasaíochta Rialúcháin

Is mar seo a leanas iad na príomhpholasaithe cuntasaíochta atá glactha ag gach gnóthas agus ag an nGrúpa agus na cuntais á n-ullmhú:

1. Bonn Cuntasaíochta

Is corparáid reachtúil é BSL a bunaíodh faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927 agus tá an chorparáid sainlonnaithe in Éirinn. Is don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2008 iad na ráitis airgeadais seo. Ullmhaíodh iad faoi CTAI (Caighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais Idirnáisiúnta) arna nglacadh ag ráitis airgeadais an AE (CTAI AE). Ullmhaíodh iad de réir na gcaighdeán CTAI AE sin agus léirmhínithe CTAI arna n-eisiúint le héifeacht do thréimhsí cuntasaíochta dar chríoch ar nó roimh an 31 Nollaig 2008.

Éilítear ar an mbainistíocht agus ráitis airgeadais á n-ullmhú de réir CTAI AE breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh agus glacadh le boinn tuisceana a théann i gcion ar chur i bhfeidhm na bpolasaithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear maidir le sócmhainní agus dliteanais, ioncam agus costais. Bíonn meastacháin agus boinn tuisceana bunaithe ar thaithí na linne atá caite agus ar thosca éagsúla a meastar réasún a bheith leo de réir chuinsí an cháis.

Ós gnóthais ar leithligh laistigh de BSL iad Giniúint Chumhachta, Tarchur, Dáileadh agus Soláthar Custaiméirí, tá glactha le polasaithe agus modhanna cuntasaíochta áirithe, d'fhonn na cuntais rialúcháin a ullmhú san fhormáid atá sonraithe ag an CER go háirithe maidir le bearta airgid agus iarmhéideanna inmheánacha.

Ioncam

Tá ioncam déanta suas de dhíolacháin leictreachais agus earraí agus seirbhísí eile agus ní chuirtear cáin bhreisluacha san áireamh leis. Tá luach na n-aonad a soláthraíodh do chustaiméirí idir dháta an léimh méadair dheireanach agus deireadh an tréimhse seo san áireamh le hioncam leictreachais agus tá an meastachán seo san áireamh le trádáil agus nithe infhaighte eile ar an gclár comhardaithe mar thomhaltóireacht gan bille. Aithnítear ioncaim ó leictreachas ar thomhaltóireacht leictreachais. Aithnítear Ioncaim ó Chonarthaí ar bhonn cionranna ama trí thagairt do staid a chríche ag dáta an chláir comhardaithe.

Ríomhtar ioncam idir gnóthais an ghrúpa de réir shocruithe BSL do thrádáil inmheánach, trína soláthraítear, nuair is cuí, d'aisghabháil costais nó do thrádáil neamhcheangailte, bunaithe ar rátaí an mhargaidh. Nuair is infheidhme, ríomhtar ioncam a thagann faoi rialáil de réir na gcoinníollacha ceadúnais nó de réir na gcinntí rialúcháin a bhaineann le gach gnóthas.

Tá ioncam rialáilte comhdhéanta den méid seo a leanas:

- **Giniúint Chumhachta:-**

- *Díolacháin le Soláthar Custaiméirí (Infheidhme roimh thús an Margaidh Aonair Leictreachais (SEM) an 1 Samhain 2007):* Bunaítear an t-ioncam a fhaightear ó Sholáthar Custaiméirí ar an méid leictreachais a sheachadtar chuig Soláthar Custaiméirí i rith na bliana agus ar tharaifí Ghiniúint Cumhachta chuig Soláthar Custaiméirí. Tá na taraifí seo de réir chinneadh an CER atá iomchuí le haghaidh 2008.
- *Díolacháin le Táirgeoirí Neamhspleácha Cumhachta Fíora (TNCF) (Infheidhme roimh thús SEM):* Déantar ioncam a ríomh bunaithe ar théarmaí agus ar choinníollacha arna aontú le CER le linn phróiseas cheant acmhainne TNCF.
- *Díolacháin Bhreise (Infheidhme roimh thús SEM):* Déantar an t-ioncam seo a ríomh bunaithe ar chainníocht an méid breise a sheachadtar chuig custaiméirí i rith na

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta Rialúcháin Achoimre

- bliana faoi rialacha an chóid Trádála agus Socraíochta agus ar an bpraghas breise arna chinneadh ag CER.
- *Ioncam Corrlach Acmhainne*: Déantar an t-ioncam seo a ríomh bunaithe ar infhaighteacht na hacmhainne atá le spáráil faoi na téarmaí agus na coinníollacha arna chinneadh ag an CER.
 - *Ioncam Seirbhísí Coimhdeacha*: Baineann an t-ioncam seo le soláthar sheirbhísí sonracha don chóras de réir chomhaontú leis an Oibritheoir Chórais Tarchuir.
 - *Diólachán leis an gComhchiste Leictreachais*: Ríomhtar an t-ioncam seo ar chainneacht leictreachais a díoladh leis an gcomhchiste ag Praghas Corrlach an Chórais (SMP) ar feadh leathuair sonraithe an chloig. Socraítear ioncam de réir na rialachán lena rialaítear an linn.
 - **Tarchur**: Ríomhtar ioncam a eascraíonn ó úsáid an chórais nó táillí “TUoS” bunaithe ar úsáid an ghréasáin tarchurtha i rith na bliana de réir chinneadh cuí an Rialálaí. Baineann Tarchur leas as díolachán an chórais le páirtithe seachtracha, agus le gnóthais eile laistigh de ghrúpa BSL;
 - **Dáileadh**: Ríomhtar ioncam a eascraíonn ó úsáid an chórais nó táillí “DUoS” bunaithe ar an méid leictreachais a soláthraíodh do chustaiméirí i rith na bliana agus úsáid tharairí córais, de réir chinneadh cuí an Rialálaí. Baineann Dáileadh leas as díolachán an chórais le páirtithe seachtracha, agus le gnóthais eile laistigh de ghrúpa BSL;
 - **Soláthar Custaiméirí**: Is díolachán glan leictreachais le custaiméirí taobh amuigh den ghrúpa mórchuid an láimhdeachais agus níl cáin bhreisluacha san áireamh. Tugtar luach na n-aonad a chuirtear ar fáil do chustaiméirí idir dáta léamh an mhéadair go deiridh agus deireadh na tréimhse san áireamh leis an ioncam leictreachais agus luaitear an meastachán sin i bhféichiúnaithe sa chlár comhardaithe mar ‘thomhaltóireacht gan bille’.
 - **ESBIE**: Is díolachán glan leictreachais le custaiméirí taobh amuigh den ghrúpa mórchuid an láimhdeachais agus níl cáin bhreisluacha san áireamh. Tugtar luach na n-aonad a chuirtear ar fáil do chustaiméirí idir dáta léamh an mhéadair go deiridh agus deireadh na tréimhse san áireamh leis an ioncam leictreachais agus luaitear an meastachán sin i bhféichiúnaithe sa chlár comhardaithe mar ‘thomhaltóireacht gan bille’.

Baineann ioncam i ndáil le gnóthais neamhrialáilte BSL le gníomhaíochtaí conartha agus seirbhís-bhunaithe den chuid is mó.

Trádáil idirghnóthais agus idirchuideachta - costais leithdháilte agus chomhroinnt

Cuireann roinnt réimsí gnó agus cuideachtaí de chuid Ghrúpa BSL seirbhísí ar fáil do ghnóthais nó do chuideachtaí eile de chuid ghrúpa BSL, amhail seirbhísí agus forbairt TE, bainistiú saoráidí, teileachumarsáid chomh maith le seirbhísí comhair agus seirbhísí corparáide eile.

Gearrtar agus leithdháiltear costais chorparáide agus chomhroinnt eile ar Ghiniúint Chumhachta, Tarchur, Dáileadh, Soláthar Custaiméirí agus ESBIE de réir shocrúithe trádála inmheánaí BSL.

Mar gheall ar nádúr comhtháite gníomhaíochtaí BSL, bíonn sé riachtanach uaireanta gnéithe áirithe de chostais a chur i leith gach gnóthais mar ghníomhaíocht aonair trí leithroinnt réasúnach.

Coimeádtar taifead ar ioncam, costais agus caiteachas caipitil a bhaineann go díreach le gnóthas faoi leith sna cuntais ar leithligh atá ag gach gnóthas. Oibrítear córas trádála inmheánaí d’fhonn léargas a thabhairt ar bhearta inmheánacha idir na gnóthais éagsúla. Luaitear fiachas trádála de thoradh ar thrádáil dá leithéid idir na gnóthais inmheánacha mar

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta Rialúcháin Achoimre

iarmhéid fhéichiúnaí inmheánaigh nó iarmhéid chreidiúnaí inmheánaigh i gcuntas gach gnóthais mar is cuí.

Aithnítear díolacháin sa chomhchiste SEM ó Ghiniúint Chumhachta BSL in Ioncain faoi chuntais theascánacha Ghiniúint Chumhachta. Ar a uain, ceannaíonn Soláthair Custaiméirí BSL a riachtanais bhreosla ón linn seo agus léirítear seo i gCostais Eile a Bhaineann le Leictreachais i gcuntais theascánacha Soláthair Custaiméirí. De bharr gur ceannaitheoir glan é BSL ón linn, ó dhearcadh Grúpa de, déantar díolacháin Ghiniúint Chumhachta a dhíothú ar chomhdhlúthú, agus léirítear ceannacháin ghlan ón linn faoi Chostais Eile a Bhaineann le Leictreachas.

Cistí Stocshealbhóirí

Baineann cúlchistí BSL agus iarmhéideanna stoc chaipitil leis an gcomhlacht reachtúil ina iomláine amháin agus ní leithdháiltear iad i measc na réimsí gnó éagsúla. Déanann BSL na gnóthais seo a mhaoiniú go lárnach, agus tá sin le sonrú mar chaipiteal chorparáide in úsáid i leith gach gnóthais. Ní léirítear cúlchistí atá indáilte ag fo-ghnóthas leis sin.

Coimeádtar taifead ar iarmhéideanna airgid tirim infhaighte nó iníoctha ag réimse gnó, ó nó le páirtí inmheánach nó seachtrach, i gcuntas bainc barúlach le gach gnóthas. Sna cuntais rialúcháin, pléitear leis na cuntais bhainc bharúlacha mar a bheadh airgeadú ón gceannceathrú corparáideach (ós i gceanncheathrú na corparáide a dhéantar bainistiú fisiceach agus rialú ar an airgead), agus meastar sna cuntais rialúcháin iad mar chistí corparáide sa chaipiteal corparáide in úsáid.

Comparáid le ráitis airgeadais reachtúla

Cuirtear torthaí an ghrúpa ar bhonn comhdhlúite de réir choinníollacha na nAchtanna Leictreachais agus Caighdeáin Chuntasaíochta cuí i láthair le ráitis airgeadais reachtúla BSL maidir le aon tréimhse. Éilíonn formáid na gcuntas rialúcháin achoimre go mionsonraítear na réimsí gnó taobh istigh de háthairchuideachta BSL, eadhon Giniúint Chumhachta, Tarchur, Dáileadh agus Soláthar Custaiméirí, agus fo-chuideachta amháin, ESBIE ar leithligh.

Tugtar sleachta ó uimhreacha na ráiteas airgeadais reachtúil i bhformáid achomair i roinnt cásanna.

2. Airgeadra Eachtrach

Déantar idirbheartaíochtaí in airgeadra eachtrach a thairfeadh ag an ráta a bhíonn i réim ag na dátaí sin a ndéantar na hidirbheartaíochtaí. Aistrítear na sócmhainní agus na dliteanais airgeadais dá thoradh sin de réir an ráta atá i réim ar dháta an chláir chomhardaithe agus déileáiltear leis na difríochtaí malartaithe sa Ráiteas Ioncain. Luaitear sócmhainní agus dliteanais neamhairgeadais ar a gcostas stairiúil agus ní dhéantar athaistriú ina dhiaidh sin orthu.

3. Cáilmheas agus Sócmhainní Neamh-inláimhsithe

(a) Cáilmheas

Is ionann cáilmheas agus farasbarr comaoine a d'íocfaí ar ghnó a éadail i gcomparáid leis an luach cóir ar na sócmhainní, dliteanais agus dliteanais teagmhasacha indeimhnithe a fhaightear. Déantar cáilmheas a thástáil uair in aghaidh na bliana maidir le lagú agus áirítear mar shócmhainn é ar a chostas lúide cailteanais lagaithe carntha. Tugtar cáilmheas ar éadail de chuid chomhlaigh agus chomhfhiontair san áireamh leis na sócmhainní neamhreacha faoi infheistíochtaí i gcomhfhiontair.

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta Rialúcháin Achoimre

(b) Bogearraí ríomhaireachta

Déantar caipitliú ar cheadúnais bhogearraí ríomhaireachta a fhaightear ar bhunús na gcostas a dtéitear iontu chun an bogearra faoi leith a fháil agus a chur in úsáid. Amúchtar na costais sin ar feadh a saolré fónaimh (idir trí bliana agus cúig bhliana) ar bhonn dronlíne.

Aithnítear costais a bhaineann go díreach le táirgí bogearra so-aitheanta ar leith faoi rialú an Ghrúpa agus ar dócha go mbeidh buntáistí eacnamaíochta leo is mó ná na costais tráth is faide anonn ná bliain amháin ina sócmhainní neamh-inláimhsithe. Áirítear ar na costais dhíreacha costas an bhogearra a fhorbairt, fostaithe agus sciar oiriúnach de na barrchoistais ábhartha. Amúchtar na costais sin ar feadh a saolré fónaimh (idir trí bliana agus cúig bhliana) ar bhonn dronlíne.

(c) Liúntas astaíochtaí

De réir fhorálacha scéim trádáil astaíochtaí CO₂ na hEorpa, deonaíonn an tÚdarás Rialtais cuí liúntais astaíochtaí maidir le céatadán de na hastaíochtaí tuartha i rith na bliana do BSL ag tús na bliana.

Déantar liúntais astaíochtaí a choinníonn BSL a thairfeadh mar shócmhainní neamhinláimhsithe ar luach an mhargaidh ar dháta na heisiúna. Ag an dáta sin, déantar na liúntais a thairfeadh mar dheontas rialtais san ioncam iarchurtha, ar luach céanna an mhargaidh agus na sócmhainní neamh-inláimhsithe agus déantar iad a amúchadh go dtí an Ráiteas Ioncaim ar bhonn na n-astaíochtaí iarbhír i rith na bliana.

De réir mar a tharlaíonn astaíochtaí, déantar soláthar sa Ráiteas Ioncaim a thairfeadh mar léiriú ar an tsuim is gá chun an dliteanas don Údarás a shásamh. Tabharfar san áireamh leis an soláthar sin luach carraeireachta na liúntais astaíochtaí a eisíodh chomh maith le luach reatha an mhargaidh ar aon liúntais bhreise ba ghá chun an dualgas a chomhlíonadh. Cuirtear na liúntais sin, mar aon le haon liúntais bhreise a cheannaítear i rith na bliana, ar ais chuig an Údarás cuí atá i mbun na scéime taobh istigh de cheithre mhí ó dheireadh bhliain na féilire ionas go sásaítear an dliteanas maidir le astaíochtaí CO₂ iarbhír i rith na bliana. Ní dhéantar liúntais astaíochtaí arna sealbhú ina sócmhainní neamh-inláimhsithe a amúchadh óir is do réiteach an dliteanais astaíochtaí sa bhliain dar gcionn a choinnítear iad.

4. Maoin, Innealra agus Trealamh agus Dímhéas

Luaitear maoin, innealra agus trealamh ar a chostas lúide dímhéas carntha agus soláthar do lagú ar an luach, ach amháin i gcás talún a luaitear ar a luach lúide lagú. Tugtar san áireamh le maoin, innealra agus trealamh costais fostaithe, úis agus eile arna gcaipitliú, atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne. Ríomhtar an muirear dímhéasa d'fhonn díscríobh a dhéanamh ar chostas maoine, innealra agus trealamh go dtí an costas iarmharach measta i rith an saolré fónaimh measta trí mhodhanna cuí i bhfianaise chineál an ghnó ag an nGrúpa agus cineál agus réimse na maoine, an innealra agus an trealamh. Seo a leanas na mór-ranganna sócmhainne agus an saolré a chuirtear leo:

| | |
|---|--------------|
| Fearas Giniúna agus Struchtúir Stáisiúin Theirmigh | 20 bliain |
| Fearas agus Struchtúir Dáileacháin | 25/30 bliain |
| Fearas agus Struchtúir Tarchuradóireachta | 30 bliain |
| Foirgnimh Ghinearálta agus Stáisiúin Hidrileictreachais | 50 bliain |

Déantar soláthar don dímhéas:

- De réir mhodh dronlíne i gcás Sócmhainní Tarchuradóireachta, Dáileacháin agus Ginearálta.
- Ar bhonn na húsáide thuartha a mheastar i gcás Aonaid Ghiniúna.
- Ó dháta a gcoimisiúnaithe i gcás na sócmhainní ar fad.

Déantar athbhreithniú go bliantúil ar rátaí dímhéasa agus ar luachanna iarmharacha. Ní dhéantar soláthar ar thalamh ruilse ná ar shócmhainní atá á dtógáil.

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta Rialúcháin Achoimre

Tugtar caiteachas dá éis sin ar mhaoin, innealra agus trealamh san áireamh le suim charraeireachta na sócmhainne nó aithnítear ina shócmhainn ar leith é, mar is cuí, sa chás amháin gur dócha go mbeidh tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn i ndán don Ghrúpa agus don Chuideachta agus gur féidir tomhas iontaofa a dhéanamh ar chostas na sócmhainne. Cuirtear gach deisiú agus cothabháil eile de mhuirear in aghaidh an Ráitis Ioncaim i rith na tréimhse airgeadais ina dtarlaíonn siad.

Tá páirteanna breise do stáisiúin chumhachta san áireamh i maoin, innealra agus trealamh. Tá stoc caipitil san áireamh sa ghnó Gréasáin le sócmhainní atá á dtógáil ag feitheamh ar fheidhmiú.

5. Costais Iasachtaí

Cuirtear costais iasachtaí is féidir a chur i leith na tógála ar shócmhainní móra, a mbíonn tréimhse fhada i gceist le riachtanas lena n-ullmhú don úsáid a cheaptar dóibh, le costas na sócmhainní sin de réir mheánchostas ualaithe na n-iasachtaí go dtí an tráth a mbíonn na sócmhainní ullamh a bheag nó a mhór chun na húsáide dár ceapadh iad. Aithnítear gach costas iasachta eile sa Ráiteas Ioncaim i rith na tréimhse inar tabhaíodh iad. Is ionann an ráta caipitilithe a chuirtear i bhfeidhm agus meánchostas an fhiachais atá ag seasamh amach ag BSL.

6. Fardail

Luaitear fardail ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú. Áirítear I gcostas gach praghas ceannacháin agus costais dhíreacha a thabhaíodh i dtabhairt na bhfardal go dtí a n-ionad agus a riocht reatha. Bunaítear an luach inréadaithe glan ar ghnáthphraghas díolta lúide costais bhreise ar dócha go rachfar iontu sula ndéantar an diúscairt.

Déantar soláthar sainiúil maidir le hítimí atá damáistithe, meathlaithe, meata, i léig agus ó mhaith de réir mar is cuí.

7. Lagú Sócmhainní

Ní thagann sócmhainní nach deimhin an saolré fónaimh acu faoi réir ag amúchadh agus déantar tástáil bhliantúil orthu maidir le lagú. Déantar tástáil maidir le lagú i gcás shócmhainní a dtagann dímheas agus amúchadh i gceist leo aon uair a fhágann imeachtaí nó athruithe le tuiscint nach mbeadh an tsuim charraeireachta in-aisghabhála. Aithnítear cailleanas lagaithe mar an tsuim a sháraíonn luach carraeireachta sócmhainne a suim in-aisghabhála. Is í an tsuim in-aisghabhála an luach is airde ar an tsócmhainn idir luach cóir lúide costais díolacháin agus an luach le linn fónaimh. Chun críche measúnú a dhéanamh ar lagú, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag an leibhéal is ísle ar léir sreabhadh airgid ar leith maidir leo (aonaid shaothrú airgid).

8. Sócmhainní Léasáilte

Is léasanna airgeadais iad na léasanna faoina nglacann an Grúpa a bheag nó a mhór le gach baol agus buntáiste as an seilbh, agus is léasanna oibriúcháin iad na léasanna ina bhfanann na baoil agus na buntáistí sin as seilbh leis an léasóir.

Tugtar sócmhainní neamhreacha a fhaightear faoi léasanna airgeadais sa chlár comhardaithe ar a luach coibhéiseach caipitil agus déantar dímheas ina leith thar an tréimhse is giorra idir téarma an léasa agus an saolré fónaimh a cheaptar leo. Déantar na dliteanais chomhfhreagracha a thairbhíocht dá réir mar léas airgeadais iníoctha agus cuirtear gné an úis de na híocaíochta léas airgeadais de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim ar bhonn blianachta. Cuirtear léaschíosanna oibriúcháin de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim ar bhonn dronlíne thar théarma an léasa.

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta Rialúcháin Achoimre

9. Ranníocaíochtaí Soláthair agus Deontais Chaipitil Neamh-inaisíochta

Déantar ranníocaíochtaí soláthair agus deontais chaipitil neamh-inaisíochta a fhaightear a thairfeadh mar ioncam iarchurtha agus scaoiltear go dtí an Ráiteas Ioncaim é ar bhonn a thagann leis an bpolasaí dímheasa i leith na sócmhainní ábhartha.

10. Soláthair maidir le stáisiúin ghiniúna a dhúnadh

Léiríonn an soláthar do stáisiúin ghiniúna a dhúnadh luach reatha an mheastacháin reatha, maidir le costais stáisiúin a dhúnadh ag deireadh a ré úsáideach.

Aithnítear na costais mheasta maidir le stáisiúin a dhúnadh ina n-iomláine ag tús ré na sócmhainne, ach déantar lascainiú orthu go dtí luachanna reatha ar ráta saor ó bhaol. Déantar caipitliú ar chostas na stáisiúin a bhaint ó chéile i maoin, innealra agus trealamh agus déantar dímheas ina leith ar feadh saolré fónaimh eacnamaíochta na stáisiún lena mbaineann siad. Athbhreithnítear na costais gach bliain agus leasaítear iad mar is cuí. Déantar caipitliú ar leasuithe chostas measta lascainithe a bhaint ó chéile sna sócmhainní ábhartha agus déantar dímheas ina leith ar feadh saolré na sócmhainní ábhartha. Ó tharla go ndéantar caipitliú ar na costais agus go ndéantar soláthar dóibh ar bhonn lascainithe ar dtús, ní mór cur leis an soláthar le muirear airgeadais i ngach tréimhse, arna ríomh de réir iarmhéid an tsoláthair agus an ráta lascainithe a cuireadh i bhfeidhm ag an dáta tomhais deiridh agus arna thabhairt san áireamh sa Ráiteas Ioncaim mar mhuirear airgeadais. Ar an gcaoi seo, tiocfaidh an soláthar leis na costais mheasta maidir le dúnadh stáisiún ag deireadh a saolré fónaimh eacnamaíochta. Cuirtear an caiteachas iarbhír in aghaidh an tsoláthair de réir mar a dhúntar stáisiúin.

Tugtar an soláthar do chostas dhúnadh stáisiún san áireamh le soláthar reatha nó neamhreatha mar is cuí sa Chlár Comhardaithe.

11. Dualgais Phinsin

Feidhmíonn an Grúpa scéim pinsin sochair shainithe agus scéim pinsin ranníocaíochtaí sainithe

Scéim Phinsin Sochair Shainithe

Déanann achtúirí neamhspleácha ríomh uair sa bhliain ar an dualgas sochair shainithe leis an modh chreidmheas aonaid teilgte.

Aithnítear an costas seirbhíse reatha, an costas úis agus an toradh measta ar shócmhainní an phlean ar chuid den chostas shochair fhostaithe i Ráiteas Ioncaim na bliana ina dtarlaíonn siad. Aithnítear costais sheirbhíse stairiúil gan mhoill sa Ráiteas Ioncaim, mura mbíonn de choinníoll leis na hathruithe sa scéim pinsin go bhfanadh na fostaithe ag fónamh go ceann tréimhse áirithe (an tréimhse dílsithe). Sa chás sin, déantar amúchadh ar chostais sheirbhíse stairiúil ar bhonn dronlíne ar feadh na tréimhse dílsithe. Cuirtear gnóthachain agus cailteanais achtúireacha charntha a eascraíonn ó choigeartuithe ceannaithe agus athruithe ar bhonn tuisceana an achtúire is mó ná an tsuim is mó idir 10% de luach shócmhainní an phlean nó 10% den dualgas shochair shainithe i leith ioncaim ar feadh meánmheastachán fhuilleach saol oibre na bhfostaithe reatha.

Is ionann an dliteanas a aithnítear sa chlár comhardaithe maidir leis an scéim shochair shainithe agus luach reatha an dualgais shochair shainithe ar dháta an chlár chomhardaithe lúide luach cóir shócmhainní an phlean, chomh maith le coigeartuithe maidir le gnóthachain agus cailteanais achtúireacha neamhshonraithe agus costais sheirbhíse stairiúil. Ríomhtar luach reatha an dualgais shochair shainithe trí lascainiú a dhéanamh ar eis-sreabhadh airgid measta don am atá ag teacht ag úsáid rátaí úis bhannaí corparáide ardchaighdeán arna n-ainmniú san airgeadra ina n-íocfar na sochair agus a bhfuil téarma

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta Rialúcháin Achoimre

go ceann aibíochta ag baint leo a thagann a bheag nó a mhór le téarmaí an dliteanais phinsin atá i gceist leis.

Scéim Phinsin Ranníocaíochtaí Sainithe

Níl aon dualgas ar an nGrúpa maidir le breis íocaíochta i gcás na scéime ranníocaíochtaí sainithe ó dhéantar na ranníocaíochtaí. Aithnítear na ranníocaíochtaí mar chostais shochair fhostaithe nuair a bhíonn siad iníoctha.

12. *Dlíteanais a bhaineann le fostaithe*

Dlíteanais athstruchtúraithe

Bíonn foirceannadh scoir deonaigh le hóc faoi chomhaontú trí pháirtí idir Bord BSL, Grúpa na gCearchumann agus an Rialtas nuair a ghlacann fostaí le hiomarcaíocht dheonach mar mhalairt ar na sochair seo. Aithníonn an Grúpa foirceannadh scoir nuair atá sé tiomanta go soiléir maidir le sochair scoir a chur ar fáil de bharr thairiscint ar iomarcaíocht dheonach a rinneadh leis na fostaithe agus ar ghlac na fostaithe sin leis. Déantar lascainiú go dtí luach na linne seo ar shochair nach mbeidh dlite go dtí tráth is faide ná 12 mhí ó dháta an chláir chomhardaithe.

Dlíteanais ghearrthéarmacha eile a bhaineann le fostaithe

Aithnítear costais saoire nuair a thugann fostaithe an tseirbhís a mhéadaíonn a gceart do neamhláithreacht cúitithe sa todhchaí.

13. *Airgead agus Coibhéisí Airgid*

Déanann Cistíocht an Ghrúpa BSL bainistíocht go lárnach ar airgead tirim agus iasachtaí Ghiniúint Cumhachta, Dáileadh agus Soláthar Custaiméirí. De réir an tsainmhíneithe ar airgead tirim agus coibhéisí airgid mar a leagtar amach iad i CCI 7 “Ráitis faoi Shreabhadh Airgid”, ní mheasfaí go bhfuil sreabhadh airgid dá gcuid féin ag na gnóthais sin, ó tharla nach bhfaightear airgead iontu agus nach n-aistrítear airgead uathu sa chiall fhisiciúil.

Ina dhiaidh sin féin, ós é an rún atá le cuntais rialúcháin léargas a thabhairt ar bhearta cuntasaíochta agus ar shreabhadh airgid a bhaineann leis na gnóthais, tá an sreabhadh airgid, inmheánach nó seachtrach, a eascraíonn ó thrádáil na ngnóthas curtha i leith na ngnóthas éagsúil ag BSL mar shreabhadh airgid ag na gnóthais féin, cé go ndéantar bainistíocht go lárnach orthu. Níl maoiniú agus fónamh ar airgeadú i bhfoirm iasachtaí seachtracha a ndéanann BSL bainistíocht lárnach orthu san áireamh sa sreabhadh airgid. Rialaíonn agus bainistíonn ESBIE a chuntais bhainc agus a chuid iasachtaí féin. Dá réir sin, faoi na sainmhíneithe a leagtar amach i CCI 7, tá na hiarmhéideanna sin aitheanta ina sócmhainní nó ina ndlíteanais ag an ngnóthas lena mbaineann.

Chun críche ráiteas faoi shreabhadh airgid ESBIE, is é atá in airgead tirim, airgead ar láimh agus taiscí atá iníoctha ar éileamh lúide rótharraingtí atá iníoctha ar éileamh

14. **Cáin Ioncain**

Tá cáin reatha agus cáin iarchurtha sa cháin ioncain ar bhrabús nó cailteanas na bliana. Aithnítear cáin ioncain sa Ráiteas Ioncain, ach amháin chomh fada agus a bhaineann sé le míreanna arna n-aithint go díreach sa chothromas. Soláthraítear do cháin chorparáide ar na rátaí reatha arna ríomh ar bhonn thorthaí na tréimhse agus an faoiseamh déantúsaíochta á chur san áireamh nuair is cuí. Ní thugtar cánachas ar sciar an Ghrúpa de bhrabúsí ghnóthais comhfhiontar san áireamh le muirear an chánachais sa Ráiteas Ioncain ó tá sin san áireamh sa líne ar leithligh ar chlár an Ráiteas Ioncain maidir le brabús ó chomhfhiontair.

Soláthraítear do cháin iarchurtha le modh an dhliteanais sa chlár comhardaithe, ag déanamh soláthair maidir le difríochtaí sealadacha idir suimeanna carraeireachta na sócmhainní agus

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta Rialúcháin Achoimre

na ndliteanas chun críche tuairisceoireachta airgeadais agus na suimeanna a úsáidtear chun críche cánachais ghnóthais comhfhiontar san áireamh.

Ní aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha ach chomh fada agus a mheastar gur dóichí ná a mhalairt go dtarlóidh brabúis chuí inchánachais ar féidir iompú na ndifríochtaí sealadacha is bun leo droim ar ais san am atá ag teacht a asbhaint.

Meastar cáin iarchurtha de réir na rátaí cánach a mheastar a bheidh i réim an tráth a dtagann difríochtaí trátha ar a n-ais, arna mbunú ar rátaí cánach agus dlíthe atá achtaithe nó rite a bheag nó a mhór ar dháta an chláir chomhardaithe. Cuirtear cáin iarchurtha de mhuipear nó chun sochair an Ráitis Ioncaim, ach amháin nuair a bhaineann sé le míreanna a cuireadh nó chun sochair cothromais, agus sa chás sin déileáiltear leis an gcáin iarchurtha le cothromas chomh maith.

15. Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais

(a) Ionstraimí Airgeadais Neamh-Dhíorthaigh

Nithe infhaighte trádála agus eile

Aithnítear nithe infhaighte trádála agus eile i dtús báire ag luach cóir, arb ionann é de ghnáth agus an tsuim bhunaidh a bhí ar shonrasc agus luaitear ina dhiaidh sin iad ag a gcostas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an ráta úis éifeachtúil lúide soláthar a dhéantar do nithe infhaighte amhrasacha.

Déantar soláthairtí go sonrach i gcás a mbíonn fianaise oibiachtúil ann maidir le díospóid nó éagumas íocaíocht a dhéanamh. Déantar soláthar breise bunaithe ar anailís a dhéanamh ar iarmhéideanna de réir aoise agus caillteanas roimhe seo.

Nithe iníoctha trádála agus eile

Aithnítear nithe iníoctha trádála agus eile i dtús báire ag luach cóir, arb ionann é de ghnáth agus an tsuim bhunaidh a bhí ar shonrasc agus luaitear ina dhiaidh sin iad ag a gcostas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an ráta úis éifeachtúil,

Iasachtaí do Chuideachtaí an Ghrúpa agus infhaighte uathu

Is éard is iasachtaí do Chuideachtaí an Ghrúpa agus infhaighte uathu ná sócmhainní airgeadais neamhdhíorthaigh nach bhfuil luaite ar an margadh gníomhach. Áirítear iad ar an gclár comhardaithe, ach amháin na haibíochtaí a sháraíonn dhá mhí dhéag i ndiaidh an chláir chomhardaithe, ar sócmhainní iad a cuirtear san áireamh i sócmhainní neamhreacha. Áirítear iasachtaí agus méideanna infhaighte i dtrádáil agus nithe infhaighte eile ar chláir comhardaithe na Máthairchuideachta agus déantar iad a thairfeadh ar dtús ag a luach cóir agus tar éis an chostais amúchta.

Sócmhainní Airgeadais ar Fáil le haghaidh Díolacháin

Is éard is sócmhainní ar Fáil le haghaidh Díolacháin ná sócmhainní neamhdhíorthaigh nach ndéantar iad a rangú mar iasachtaí agus réamhíocaíochtaí nó infheistíocht a choinnítear go dtí aibíocht. Áirítear iad leis na sócmhainní neamhreacha ar an gclár comhardaithe mura bhfuil sé beartaithe ag an mbainistíocht an infheistíocht a dhiúscairt laistigh de 12 mhí ó dháta an chláir chomhardaithe. Aithnítear sa ráiteas ioncaim an t-ús ar urrúis ar fáil le haghaidh díolacháin atá ríofa ag baint úsáide as modh an úis éifeachtaí

Aithnítear ceannacháin agus díolacháin na sócmhainní atá ar fáil le haghaidh díolacháin ar dháta na trádála – an dáta ar a ngeallann an Grúpa an tsócmhainn a cheannach nó a dhíol. Aithnítear iad ar dtús ag a luach cóir móide costais idirbhirt. Dí-aithnítear iad nuair a éagann na cearta i leith sreabhadh airgid ó na hinfeistíochtaí a fháil nó nuair a aistrítear na cearta sin agus nuair atá an Grúpa tar éis gach riosca agus luach saothair ina leith a aistriú.

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta Rialúcháin Achoimre

Ina dhiaidh sin déantar sócmhainní atá ar fáil le haghaidh díolacháin a thabhairt ar aghaidh ag a luach cóir. Déantar athruithe ar luach cóir na n-urrús airgeadais a ainmnítear in airgeadra eachtrach agus a rangáitear mar shócmhainní atá ar fáil le haghaidh díolacháin a ainailsiú idir difríochtaí aistrithe a eascraíonn ó athruithe i gcostas amúchta an urrúis agus athruithe eile i méid carraeireachta an urrúis. Aithnítear na difríochtaí aistrithe i mbrabús agus cailleanas, agus aithnítear athruithe eile i méid carraeireachta i gcothromas. Bunaítear luach cóir na n-infheistíochtaí luaite ar phraghsanna tairgthe reatha. Mura bhfuil margadh le haghaidh sócmhainn airgeadais ina mhargadh gníomhach (agus le haghaidh urrús nach bhfuil liostáilte), bunaíonn an Grúpa luach cóir trí úsáid a bhaint as teicnící luachála. I measc na dteicnící sin tá cian-idirbhearta, tagairt d'ionstraimí eile atá nach mór mar an gcéanna agus anailís ar shreabhadh airgid lascainithe.

(b) Ionstraimí Airgeadais Díorthaigh

Baineann an Grúpa leas as ionstraimí airgeadais díorthaigh agus as ionstraimí airgeadais neamhdhíorthaigh chun fálú a dhéanamh ar an nochtadh atá ann dó ó bhaoil mhalairte eachtraí, rátaí úis agus praghas tráchtearraí de bharr gníomhaíochtaí oibriúcháin, airgeadais agus infheistíochta. Ar na príomhdhíorthaigh a úsáideadh tá babhtáil rataí úis, babhtáil airgeadra, réamhchonradh airgeadra eachtraigh, conarthaí babhtála innéacsaithe a bhaineann le ceannachán breosla, agus conarthaí le haghaidh difríochtaí i ndáil le díolacháin agus ceannacháin trí mheán an chomhchiste trádála leictreachais sa Mhargaidh Aonair Leictreachas (SEM).

Tá figiúir 2007 agus 2008 de réir CCI 39 a éilíonn go mbeadh gach díorthach san áireamh ar an gclár comhardaithe ag an luach cóir ag deireadh na tréimhse. Ní choinníonn an Grúpa ionstraimí díorthaigh chun críche trádála agus ní eisiúnn an Grúpa iad ach oiread chun na críche sin. I gcás díorthaigh nach gcáilíonn le haghaidh cuntasaíocht fálaíthe, ámh, cuirtear iad san áireamh mar ionstraimí trádála.

Iontrálann an Grúpa conarthaí tráchtearraí le linn gnáthghnó. Ag eascairt as tabhairt isteach SEM le linn na bliana, d'iontráil an Grúpa in ionstraimí airgeadais díorthaigh i ndáil le díolacháin agus ceannachán leictreachais atá incháilíthe, tríd is tríd, le haghaidh cuntasaíocht fálaíthe faoi théarmaí CCI 39 agus a luaitear mar sin. Ina theannta sin iontráiltear conarthaí fadtéarmacha eile, arna rangú mar ionstraimí airgeadais faoi CCI 39. As chun riachtanais úsáide breosla an Ghrúpa a shásamh a iontráiltear na conarthaí seo ní luaitear mar ionstraimí airgeadais iad.

Is ar luach cóir a aithnítear ionstraimí airgeadais díorthaigh don chéad uair. Aithnítear na hionstraimí sin ina dhiaidh sin ar a luach cóir. Aithnítear gluaiseachtaí sa luach cóir i rith na bliana airgeadais ar dhíorthaigh arna shealbhú d'fhonn trádála i Ráiteas Ioncaim na bliana sin.

Dí-aithnítear díorthaigh nuair a réitítear nó nuair a dhíoltar iad.

Trádáil idirghnóthais agus idirchuideachta – díorthaigh

Ar an gclár comhardaithe ní luaitear i measc ionstraimí airgeadais díorthaigh na díorthaigh sin idir gnóthaí BSL a cuirtear ar ceal le linn comhdhlúthaithe.

(c) Fálú

(i) Fálú maidir le sreabhadh airgid

Sa chás go ndeimhnítear ionstraim airgeadais a bheith ina fhálú ar athraitheas i sreabhadh airgid dliteanais aitheanta, tiomantais dhaingin nó idirbheartaíocht thuartha rí-dhóichí, aithnítear an chuid éifeachtach d'aon ghnóthachan nó cailleanas ar an ionstraim airgeadais díorthaigh go díreach sa chothromas. Sa chás go dtarlaíonn aithint sócmhainne nó dliteanais de thoradh ar an tiomantas daingean nó ar an idirbheartaíocht thuartha, baintear an gnóthachan nó an cailleanas fabhráithe as an gcothromas agus cuirtear san áireamh é sa

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta Rialúcháin Achoimre

mheastóireacht tosaigh ar an tsócmhainn nó ar an dliteanas. Taobh amuigh den chás sin, baintear an gnóthachan nó an cailteanas fabhráithe as an gcothromas agus luaitear sa Ráiteas Ioncaim é ag an am céanna leis an mbeart a ndearnadh fálú air. Aithnítear an chuid d'aon ghnóthachan nó cailteanas nach bhfuil éifeachtúil sa Ráiteas Ioncaim gan mhoill.

Nuair a dhéantar foirceannadh ar ionstraim fálaithe nó ar choibhéis fálaithe ach i gceist go dtarlódh an idirbheartaíocht a ndearnadh an fálú uirthi ina dhiaidh sin, fanann an gnóthachan nó cailteanas fabhráithe ag an am sin sa chothromas agus aithnítear é de réir an pholasaithe thuas nuair a tharlaíonn an idirbheartaíocht. Sa chás nach dócha feasta go dtarlódh an idirbheartaíocht a ndearnadh fálú uirthi, aithnítear sa Ráiteas Ioncaim gan mhoill an gnóthachan nó cailteanas neamhréadaithe a aithníodh sa chothromas.

(ii) Fálú ar infheistíocht glan in aonán thar lear

Sa chás go bhfuil dliteanas malairte eachtraí ag déanamh fálú ar infheistíocht glan i ngnóthas thar lear, aithnítear difríochtaí malairte eachtraí a eascraíonn ó aistriú an dliteanais sa chothromas díreach agus cuirtear chuig an gcúlchiste aistrithe iad, agus aithnítear cuid neamhéifeachtúil ar bith láithreach sa Ráiteas Ioncaim.

(d) Iasachtaí faoi ualach úis

Is ar an luach cóir lúide costais idirbheartaíochta inchurtha ina leith a aithnítear iasachtaí faoi ús don chéad uair. Tar éis iad a aithint don chéad uair, aithnítear na hiasachtaí sin ar an gcostas amúchta de réir mhodh an ráta úis éifeachtúil.

(e) Conarthaí árachais

I rith ghnáthghnó, tugann ESBI ráthaíochtaí agus bannaí na Máthairchuideachta i leith a chuid fochuideachtaí. Rangaítear na ráthaíochtaí agus na bannaí seo mar chonarthaí árachais faoi CTAI 4. Sa chás go meastar nach ndéanfar aon éileamh ar na conarthaí sin, ní nochtar aon luach san cuntais.

16. Ioncam Oibriúcháin Eile

Brabús ar Dhiúscairt Réadmhaoine

Cinntear an gnóthachan a eascraíonn ó dhí-aithint míre réadmhaoine mar an difríocht idir glandiúscairt na bhfáltas, agus méid carraeireachta na míre.

17. Costais

(a) Costais Fuinnimh

